Sonraíocht Nua

StudentBounty.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2011

# Stair

## Aonad 1: Grinnstaidéar

Ardsraith

**[GHY12]**

GHY12

**DÉ CÉADAOIN 1 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **ceithre** cheist: **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** i Roinn A
**agus dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** i Roinn B.

Tig leat tuilleadh leathanach a fháil le do fhreagraí a chríochnú ach iad a iarraidh. Ceangail na leathanaigh seo den Leabhrán Freagraí agat leis an scorán atá ar fáil.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcodanna **(b)**, **(c)** agus **(d)** de na ceisteanna **uile**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.



www.StudentBounty.com

LEATHANACH BÁN



www.StudentBounty.com

**Ná** freagair **ach ceithre** cheist.

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** thíos


| **ROGHANNA** | | **Leathanaigh** |
|---|---|---|
| **Rogha 1:** | An Ghearmáin, 1918–1941 | 4–5 |


## Roinn B

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe** thíos


| | | |
|---|---|---|
| **Rogha 5:** | Caidreamh ag Athrú:<br>An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985 | 6–7 |




www.StudentBounty.com

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist as d'ábhar roghnaithe

### Rogha 1: An Ghearmáin, 1918–1941

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uile den cheist a fhreagairt.

**1 Iarmhairtí an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Poblacht Weimar is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh a ndeachaigh Conradh Versailles i bhfeidhm ar an Ghearmáin. [2]

**(b)** Cad é mar a bhí Hitler agus na Naitsithe ag iarraidh tacaíocht a fháil idir 1919 agus 1923? [5]

**(c)** Gníomhartha pholaiteoirí Weimar idir 1929 agus Eanáir 1933, cad é mar a bhí siad ina gcuidiú ag Hitler Seansailéireacht na Gearmáine a bhaint amach? [6]

**(d)** Mínigh an dóigh a raibh fadhbanna sóisialta agus geilleagracha ag cur isteach ar an Ghearmáin suas go dtí 1923 agus an dóigh a raibh sí ag teacht chuici féin arís faoi dheireadh 1924. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Géarchéim an fhorbhoilscithe 1923
- Gníomhartha Gustav Stresemann [12]

**2 Gearmáin na Naitsithe, 1933–1939, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh ar dhaingnigh na Naitsithe a gcumhacht in 1933. [2]

**(b)** Cad é mar a d'athraigh Hitler agus na Naitsithe saol na mban idir 1933 agus 1939? [5]

**(c)** Cad é mar a chuaigh gníomhartha Hitler agus na Naitsithe i bhfeidhm ar shaol na nGiúdach idir 1933 agus 1939? [6]

**(d)** Mínigh an dóigh a raibh na Naitsithe ag iarraidh geilleagar na Gearmáine agus saol na n-oibrithe a athrú idir 1933 agus 1939. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Gníomhartha leis an dífhostaíocht a laghdú
- Saol na n-oibrithe [12]



www.StudentBounty.com

**3 Polasaithe agus Gníomhartha na Naitsithe san Eoraip, 1933–1941, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** aidhm a bhí le polasaí eachtrach Hitler. [2]

**(b)** Cad é mar a bhí Hitler ábalta ionradh a dhéanamh ar an Pholainn in 1939? [5]

**(c)** Cad é mar a sháraigh Hitler téarmaí Chonradh Versailles idir 1933 agus 1936? [6]

**(d)** Mínigh cad é mar a mhéadaigh Hitler ar an chumhacht aige san Eoraip ó 1938 go dtí Márta 1939. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- An Ostair
- Sudetenland agus an tSeicslóvaic [12]



www.StudentBounty.com

## Roinn B

Freagair **dhá** cheist as d'ábhar roghnaithe

### Rogha 5: Caidreamh ag Athrú:
### An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985

Freagair **dhá** cheist ar bith.
Ba chóir duit na codanna uile den cheist a fhreagairt.

**13 Tuaisceart Éireann sna 1960í agus an Caidreamh aici le Poblacht na hÉireann is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh a raibh O'Neill ag iarraidh geilleagar Thuaisceart Éireann a fheabhsú sna 1960í. [2]

**(b)** Cad iad na gníomhartha a bhí ar bun ag Cumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann agus ag Daonlathas an Phobail le cearta sibhialta a fháil do mhuintir Thuaisceart Éireann? [5]

**(c)** Cad iad na príomhrudaí a bhí á n-iarraidh ag Cumann Cheart Sibhialta Thuaisceart Éireann? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige agus cén dóigh a raibh Ó Néill ag iarraidh caidreamh níos fearr a dhéanamh le Poblacht na hÉireann agus le náisiúnaithe i dTuaisceart Éireann sna 1960í? Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Caidreamh le Poblacht na hÉireann
- Caidreamh le náisiúnaithe i dTuaisceart Éireann [12]

**14 Géarú ar Chorraíl Pholaitiúil agus Shibhialta is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** théarma de chuid Fhorógra Downing Street. [2]

**(b)** Cad é mar a d'fhreagair aontachtaithe agus náisiúnaithe nuair a tugadh Riail Dhíreach isteach in 1972? [5]

**(c)** Cad é mar a d'fhreagair náisiúnaithe idir Lúnasa 1971 agus Eanáir 1972 nuair a tugadh imtheorannú isteach? [6]

**(d)** Mínigh cad é mar a méadaíodh ar an fhoréigean i dTuaisceart Éireann i samhradh 1969 agus mínigh cad chuige ar tháinig an IRA Sealadach chun cinn. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Foréigean ag dul i méid
- Teacht chun cinn an IRA Sealadaigh. [12]



www.StudentBounty.com

**15 Réiteach á Lorg is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** théarma de chuid Chomhaontú Sunningdale i Nollaig 1973. [2]

**(b)** Cad é mar a d'fhreagair aontachtaithe nuair a tugadh cumhachtroinnt isteach i dTuaisceart Éireann in 1973 agus in 1974? [5]

**(c)** Cad iad na gníomhartha a rinne aontachtaithe le cur in éadan Chomhaontú Angla-Éireannach 1985? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige a ndeachaigh príosúnaithe poblachtacha ar stailc ocrais in 1980 agus 1981 agus cad é mar a d'fhreagair muintir Thuaisceart Éireann do stailceanna ocrais 1980 agus 1981. Déan tagairt do na pointí le hurchair i do fhreagra agus bain úsáid as eolas ábhartha eile.

- Fáthanna leis na stailceanna ocrais
- Dearcadh náisiúnaithe agus aontachtaithe [12]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com